

## Ní leor caint na ndaoine

An léacht is mó a chuaigh i bhfeidhm orm i sraith léachtaí an tseimeastair seo ná ceann Pat Butler, arbh é “An leor caint na ndaoine?” teideal di. Is craoltóir é Pat a dhéanann cuid mhaith dá chuid oibre as Gaeilge, cé go ndeir sé nach díograiseoir na teanga é. Bíonn sé suimiúil i gcónaí éisteacht le daoine a dhéanann a gcuid oibre trí Ghaeilge: daoine nach múinteoirí Gaeilge nó léachtóirí Gaeilge nó feachtasóirí ar son na Gaeilge iad, sé sin, daoine a úsáideann a gcuid Gaeilge chun rud éigin eile seachas cúrsaí na teanga féin a phlé.

Don chuid ba mhó, dhírigh léacht Pat ar ghnéithe den chraoltóireacht atá i bpáirt ag craoltóireacht na Gaeilge, craoltóireacht an Bhéarla agus craoltóireacht in aon teanga eile, mar shampla na bealaí a meashtar an fhís agus an chaint chun teachtaireacht a chur in iúl. Ceann de na dúshlán a bhaineann leis an réimse seo oibre, dar le Pat, ná an brú a bhíonn ar an iriseoir smaointe casta agus mothúcháin chasta a chur in iúl i mbeagán focal. Dar ndóigh, bheifí ag súil leis an dúshlán seo a bheith ann: is léir go mbíonn srianta ama ag baint leis an méid cainte is féidir le hiriseoir a dhéanamh i rith scannáin faisnéise. Ach d’iompáigh an chaint ar chúrsaí teanga ag an phointe sin. An mbíonn sé níos deice dul i ngleic leis an dúshlán seo sa Ghaeilge ná mar a bhíonn sa Bhéarla? B’shin an cheist a chuir mé ar Pat, agus ceapann seisean go bhfuil. Dar le Pat, tá taithí níos leithne ag craoltóirí an Bhéarla ar an ghontacht ná mar atá ag craoltóirí na Gaeilge as siocair an Béarla a bheith á úsáid níos minice sa réimse seo ná an Ghaeilge. An port ba mhó a bhí ag Pat ná, cé go bhfuil saibhreas agus acmhainneacht ag baint le “caint na ndaoine” sa Ghaeilge, ní mór é a fhorbairt agus síneadh a chur leis, le go bhféadfadh an teanga fónamh i réimsí nua an tsaoil, réimsí dála na craoltóireachta, na polaitíochta agus an riaracháin phoiblí, sé sin, réimsí nár ghnáth an Ghaeilge a úsáid iontu mórán go dtí seo.

Chuir an chonclúid seo ag machnamh mé. Ceann de na láidreachtaí atá ag an Bhéarla i gcomparáid leis an Ghaeilge ná go bhfuil traidisiún láidir úsáide aige sa saol poiblí, oideachais, gnó, teicneolaíochta agus eolaíochta, rud nach bhfuil ag an Ghaeilge. Mar thoradh air sin, tá téarmaí, frásaí, friotail agus nósanna labhartha á síorfhorbairt agus á síorfheabhsú sa teanga leis na céadta anuas chun coincheapa nua-aimseartha a chur in iúl. Sa Ghaeilge, áfach, is minic Gaeilgeoirí, fiú iad siúd a áiríonn iad féin mar chainteoirí dúchais nó mar chainteoirí líofa, a bheith ar aineolas maidir leis na leaganacha Gaeilge de théarmaí Béarla ar nós *database*, *disability allowance* nó *antibiotics*. Baineann na téarmaí seo leis an ríomhaireacht, leis an riarachán poiblí agus le cúrsaí leighis. Tá sé de nós ag daoine gan na réimsí seo a phlé as Gaeilge ar chor ar bith, nó, má táthar á bplé as Gaeilge, téann daoine i muinín an téarma Bhéarla chun an coincheap a chur in iúl: cloistear “chuir mé isteach ar an *disability allowance* dhá mhí ó shin”, “thug an dochtúir *antibiotics* dom”, agus a leithéidí. Tarlaíonn go bhfuil *bunachar sonraí*, *líúntas míchumais* agus *frithbheathaigh* cumtha ag an Choiste Téarmaíochta, ach tá difear mór idir iad a bheith scríofa i bhfoclóir éigin agus iad a bheith ar eolas ag an phobal trí chéile, daoine a bheith ar a gcompord leo agus réidh le hiad a úsáid.

Ní amháin gur ceist téarmaíochta é seo. Tá nósanna comhréire agus stíle ag baint leis an Bhéarla a chuireann ar chumas daoine smaointe casta teibí a chur in iúl agus a láimhseáil go lúfar. Ceann de na nósanna seo ná an bealach a ndéantar ainmfhocail a shlabhrú i ndiaidh a chéile, mar shampla *database efficiency assessment methods*. Sa Ghaeilge, seachnaítear slabhraí fada d’ainmfhocail theibí. Dá leanfaí an nós Béarla, go minic bheadh abairt dhothuigthe mar thoradh air: chuirfeadh leithéidí *modhanna measúnaithe éifeachtúlachta bunachar sonraí* mearbhall ar an Ghaeilgeoir líofa a bhfuil “caint na ndaoine” go smior ann nó inti. Uaireanta, is féidir aistriúchán níos cliste a chumadh, ar nós *modhanna chun éifeachtúlacht bunachar sonraí a mbeas*, abairt atá níos sothuigthe. Ach fós, is beag Gaeilgeoir a bheadh ar a chompord le habairtí den déanamh seo, ó tá sé neamhghnách bunachair shonraí nó a n-éifeachtúlacht a phlé as Gaeilge ar aon chuma.

Tá réimsí sa saol comhaimseartha a bhfuil an Ghaeilge go hiomlán scoite amach uathu – agus ní réimsí rótheicniúla nó róspeisialaithe iad, ach an oiread. Faightear micreathonnán i ngach teach

Gaeltachta anois, beagnach, ach is beag beann an tí ar eol di gurb é *micreathonnán* an focal atá air i nGaeilge – “an *microwave*” is mó a deirtear. Cúpla bliain ó shin agus mé ar an bhus trí lár na cathrach, bhí an bus tar éis gabháil thart ar an chaife Gaelach *Trí-D*, nach maireann. Bhí beirt ógánach taobh thiar díom ag cur sonrú i bhfógra a chonaic siad i bhfuinneog an chaife – “caife le dul / coffee to go” a bhí air. “The Irish for *coffee to go* is *caife le dul?*” a dúirt duine acu. “That sounds made up.” Dar ndóigh, níl *coffee to go* an Bhéarla aon phioc níos nádúrtha ná *caife le dul* na Gaeilge, ach é a bheith seanbhunaithe, ó tharlaíonn gur i mBéarla, agus ní i nGaeilge, a bhíonn comharthaí i bhfuinneoga chaifí na tíre.

Le bheith féaráilte, ní hí an Ghaeilge an t-aon teanga atá buailte leis an mhí-ádh seo. Is beag teanga ar domhan anois nach bhfuil faoi bhrú ón Bhéarla, fiú teangacha a áirítear mar mhórtéangacha, lena stáit féin agus lena bpobail labhartha dhílse féin, dála na Gearmáinise agus na Fraincise. Ar fud an domhain anois, tá an Béarla ag brú teangacha eile amach as réimsí áirithe saoil, go háirithe an saol gnó agus an saol acadúil. Sa Ghearmáin agus i bPoblacht na Seice, cuir i gcás, is gnáth na laethanta seo cúrsaí iarchéime a reáchtáil trí Bhéarla agus ábhar taighde a fhoilsiú as Béarla.

Is faoi na cúinsí deacra seo a bhíonn leithéidí Pat Butler ag obair, daoine a thoilíonn ábhar a láimhseáil i nGaeilge nach láimhseáiltear i nGaeilge de ghnáth. Dúirt Pat féin gurb é an sprioc atá aige ina chuid scannáin Ghaeilge ná “an teanga a fhorbairt le go bhféadfaí aon rud a rá inti” – fiú rudaí nach gnáth a rá i nGaeilge. Tagann an port seo go mór le mo chuid taithí féin agus mé ag plé le cúrsaí ríomhaireachta trí Ghaeilge in Fiontar, DCU. Nuair a bhím i mbun léachta nó ceardlainne sa ríomhlann nó i mbun cruinnithe le mo chuid comhghleacaithe, is minic mé ag iarraidh rud éigin a rá nach dúradh as Gaeilge riamh roimhe - nó má dúradh, níor chuala mise é. Is mór an dúshlán é – ach is fiú tabhairt faoi. Mura dtabharfar, beidh tuilleadh armlóin acu siúd a mhaíonn nach mbaineann an Ghaeilge leis an saol comhaimseartha, agus fanfaidh sí in áit na leathphingine go deo.

*1,181 focal*